An Bulaí Mé:Layout 1 22/10/2012 23:10 Page 1

Má postáladh, cén dóigh a láimhseáil tú é?

An bhfuair tú teachtaireacht téacs ariamh a scaraigh tú nó a chuir imní ort?

An bhfuair tú teachtaireacht téacs ariamh a chuir isteach ort nó a ghortaigh tú?

Ar phléigh tú na teachtaireachtaí téacs le duine éigin?

Cad é an rud deireanach a chuir ag caoineadh tú?

Cad é an t-am deireanach a mhothaigh tú uaigneach nó brónach agus cad chuige?

Conas mar a mhothaíonn tú nuair a fheiceann tú dalta nó daltaí ag déanamh bulaíochta ar dhalta eile?

An mbíonn tú toilteanach insint don scoil nuair a fheiceann tú eachtra bulaíochta nó nuair a thuigtear duit go bhfuil bulaíocht a dhéanamh ar dhalta?

Cén dóigh a réitíonn tú fadhbanna nó míthuiscintí le cairde nó le daltaí eile?

An bhfuil tú maith ag tabhairt maithiúnais do chara nó do dhalta eile má dhéanann sé/sí rud éigin mícheart ort?

An bhfuil tú maith ag gabháil leithscéil le cara nó le dalta eile má dhéanann tú rud éigin mícheart air?

An bhfuil tú maith ag glacadh le leithscéal ó chara nó ó dhalta eile má dhéanann sé/sí rud éigin mícheart ort?

An bhfuil tú ábalta dearmad a dhéanamh d’argóint agus tosú as an nua le cara nó le dalta eile?

An mbíonn tú toilteanach dul chun cainte le tuismitheoirí/múinteoirí maidir le bulaíocht?

An gcreideann tú gur féidir le tuismitheoirí/múinteoirí cuidiú leat fadhb bulaíochta a réiteach?



# AG LÁIMHSEÁIL CAIRDEAS

Ceistneoir Machnamhach
Choláiste Oiriall

An Bulaí Mé:Layout 1 22/10/2012 23:10 Page 4



An bhfuil cara nó cairde agat?

An bhfuil tú i do bhall de ghrúpa cairde?

An bhfuil do chairde sa scoil chéanna leat?

1.
2.
3.
4.

Cad iad an ceithre thréith is fearr ata ionat mar chara?

1.
2.
3.
4.

Cé chomh maith is atá tú mar chara ar scála ó 1 – 10? (1 = go holc go dtí 10 = fíormhaith)

An síleann tú go bhfuil tú tuisceanach le daoine eile?

An bhfeiceann tú taobh daoine eile d'argóintí nó an síleann tú go mbíonn tú ceart i gcónaí?

Ar labhair tú faoi chara ariamh taobh thiar dá dhroim?

Ar éist tú le fadhb nó fadhbanna duine eile ariamh?

An insíonn tú scéalta i modh rúin do chairde go minic?

An bhfuil muinín agat as do chairde chun na scéalta a choin-neáilt faoi rún?

Ar lig tú rún cara le duine eile ariamh?

Ar lig cara duit do rún le duine eile ariamh?

Má lig, conas mar a mhothaigh tú anseo?

Cé chomh sásta is ata tú le caighdéan do chuid cairde ar scála 1- 10 (1 = go holc go dtí 10 = fíormhaith)?

An raibh tú ariamh fágtha amach as grúpa cairde nó imeacht sóisialta?

Má bhí, cad é mar a mhothaigh tú?

Ar fhág tú duine amach as an chuideachta ariamh, fiú trí thimpiste?

Cad é a tharlaíonn má thiteann tú féin agus do chairde amach?



Ar fhoghlaim tú aon cheacht mar thoradh d'argóint a bhí agat le cara nó le dalta eile?

An raibh ort rogha a dhéanamh idir do chairde éagsúla ariamh?

Cén fáth go bhfuil cairde tábhachtach?

Cé mhéad cara ata agat ar FACEBOOK?

An mothaíonn tú compordach agus sabháilte ar FACEBOOK?

An fíorchairde iad na cairde atá agat ar líne ar FACEBOOK?

Cad iad na difríochtaí atá idir na cairde atá agat ar FACEBOOK agus na cairde a bhuaileann tú leo agus a mbíonn tú ag caint leo gach lá?

Ar postáladh aon ábhar mífheiliúnach mar gheall ort nó aon ábhar a chuir isteach ort ar FACEBOOK ariamh?